**Tuarascáil Iniúchta de chuid an Ombudsman:**

**Too Old to be Equal?**

**Aibreán 2011**

**Achoimre Feidhmiúcháin**

**Comhlacht Poiblí: An Roinn Sláinte**

**Seo iniúchadh a rinne an tOmbudsman, Emily O'Reilly, ar ghearán i gcoinne na Roinne Sláinte. Theip ar an Roinn leasú a dhéanamh ar théarmaí na Scéime Liúntais Soghluaisteachta cé nach raibh an scéim ag cloí leis an reachtaíocht Comhstádais arna achtú sa bhliain 2000.**

Chinn an tOmbudsman go bhfuil an Scéim Liúntais Soghluaisteachta, mar atá comhdhéanta faoi chiorclán de chuid na Roinne, ag sárú an Achta um Stádas Comhionann 2000 toisc go n-áirítear ann uasteorainn aoise. Tá an uasteorainn aoise mídhleathach ó thosaigh an tAcht um Stádas Comhionann 2000 de bheith i bhfeidhm. Chinn an tOmbudsman nach dtugann bearta na Roinne le fios go bhfuil aon dithneas ná práinn sa Roinn ag féachaint leis an Scéim a leasú le go mbeadh sí ag cloí leis an Acht um Stádas Comhionann, fiú aon bhliain déag tar éis thosach feidhme an Achta. Agus seo d'ainneoin gur tharraing roinnt comhlachtaí aird na Roinne ar na lochtanna a bhain leis an Scéim, an tÚdarás Comhionannais san áireamh.

Ghlac an Roinn le cinntí agus moltaí an Ombudsman.

**An Gearán**

I mí Mheán Fómhair 2008 chuir an tUas. Browne, a bhfuil cónaí air i gContae Ros Comáin, gearán faoi bhráid an Ombudsman, thar ceann a dheirféar faoi dhiúltú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Liúntas Soghluaisteachta a bhronnadh ar a dheirfiúr. Chuir an tUas. Browne isteach ar an Liúntas i mí an Mheithimh 2008, nuair a bhí a dheirfiúr os cionn ochtó bliain d'aois. Dhiúltaigh FSS an t-iarratas ar an mbonn go raibh sí os cionn 66 bliain d'aois agus, mar iarratasóir céaduaire, go raibh sí lasmuigh de raon na Scéime. Seasadh leis an gcinneadh seo tar éis achomhairc i mí Lúnasa 2008. Ar an drochuair, d'éag deirfiúr an Uas. Browne i mí Dheireadh Fómhair 2010 roimh chur i gcrích iniúchadh an Ombudsman. D'ainneoin seo, d'iarr an tUas. Browne go gcuirfí i gcrích an t-iniúchadh mar aitheantas ar riachtanais daoine eile cosúil lena dheirfiúr.

**Liúntas Soghluaisteachta**

Íoctar Liúntas Soghluaisteachta, faoi réir tástáil mhaoine, le daoine atá faoi mhíchumas agus nach bhfuil in ann siúil nó iompar poiblí a úsáid agus a 'bhainfeadh sochar as athrú timpeallachta' ("benefit from a change in surroundings"[1]). Is éard is cuspóir leis seo ná cuidiú le daoine nach bhfuil carr acu socruithe a dhéanamh le haghaidh iompar príobháideach, mar shampla taisteal i dtacsaí ó am go chéile. Cé go gcaithfidh iarratasóirí céaduaire a bheith faoi bhun 66 bliain d'aois, leantar ag íoc daoine atá ag fáil an Liúntais cheana féin tar éis a mbreithlá 66 bliain ar an gcoinníoll go bhfuil siad i dteideal an liúntais seachas sin. Feidhmíonn an Scéim faoi údarás ginearálta alt 61 den Acht Sláinte 1970 a fhorálann gur

[1] FSS , Liúntas Soghluaisteachta http://www.hse.ie/eng/services/Find_a_Service/entitlements/Disability_Services/Mobility_Allowance.html Arna rochtain an 21 Márta 2011.

féidir le bord sláinte (FSS) ‘socruithe a dhéanamh chun cuidiú le coinneáil sa bhaile duine tinn nó easlán, nó cleithiúnach den duine sin’ ("may make arrangements to assist in the maintenance at home" of a "sick or infirm person, or a dependent of such a person"). Faoi láthair, is ionann an ráta uasta den Liúntas agus €208.50 sa mhí.

**Scéim Bhainteach Eile**

Tá tuairim thosaigh an Ombudsman – go bhfuil téarmaí an Liúntais Soghluaisteachta leatromach go míchuí – tacaithe ag cás arna fhoilsiú ag an Údarás Comhionannais sa bhliain 2008[2]. Sa chás ***McNabola,*** a ndéileáiltear leis go sonrach i gCaibidil 3 de thuarascáil an Ombudsman, chuir bean gearán faoi bhráid an Údaráis Comhionannais nuair a dhiúltaigh FSS dá hiarratas do Dheontas Mótariompair ar an bhforas go raibh sí os cionn 66 bliain d’aois. Mhaígh sí go ndearnadh idirdhealú leatromach uirthi, ar fhoras aoise, agus seo contrártha d’fhorálacha an Achta um Stádas Comhionann 2000. Socraíodh an cás seo tráth ar ghlac an Roinn Sláinte go raibh cointinn Bhean McNabola bailí, agus baineadh an uasteorainn aoise de 66 bliain d’aois i gcás an Deontais Motariompair. Ba dhóigh don Ombudsman go gcaithfidh go raibh an Roinn in iúl go raibh áireamh na huasteorann aoise sa Liúntas Soghluaisteachta dochosanta agus go n-éileodh seo an uasteorainn a bhaint ón Scéim.

**Déileáil le Gearán – Iniúchadh**

Scríobh an tOmbudsman chuig Oifig Míchumais agus Meabhairshláinte na Roinne i mí Feabhra 2009 ag maíomh go raibh an uasteorainn aoise don Liúntas Soghluaisteachta leatromach agus i gcoinne an Achta um Stádas Comhionann 2000. D’fhreagair an Roinn go rabhthas ar tí freagracht as an Scéim a aistriú chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus go raibh beartaithe ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh air roimh an aistriú, agus idir an dá linn go leanfadh FSS ag feidhmiú de réir Chiorclán 1979. Seo a leanas a mhaígh an Roinn ‘níl sé indéanta an scéim a leasú chun an uasteorainn aoise a bhaint sna cúinsí eacnamaíochta reatha’ (“*it is not feasible to amend the scheme to remove the upper age limit in the current economic circumstances*"). Níor soláthraíodh aon tuairim maidir le cibé acu an raibh an srian aoise contrártha le forálacha an Achta um Stádas Comhionann 2000 nó nach raibh.

Bhí comhfhreagras breise ann leis an Roinn le linn 2009. I mí Samhna 2009, dúirt an tArd-Rúnaí go gcuirfí tuairimí an Ombudsman san áireamh in athbhreithniú ar an Liúntas Soghluaisteachta i gcomhthéacs ‘bheartas foriomlán an Rialtais maidir le tacaí do dhaoine faoi mhíchumas’ (“*overall Government policy regarding supports for people with disability*”). Bhí an tOmbudsman den tuairim nach raibh sin ina fhreagra cuí agus bheartaigh iniúchadh breise a dhéanamh ar an scéal. Le linn an iniúchta, d’fhéach an tOmbdusman go háirithe ar ábharthacht na n-ionstraimí idirnáisiúnta um chearta daonna chomh maith le reachtaíocht comhionannais na hÉireann.

Chinn an tOmbudsman an méid seo a leanas: cé go raibh diúltú FSS an Liúntas a bhronnadh ag teacht le Ciorclán 1979 na Roinne, tá an fhoráil sa Chiorclán faoin uasteorainn aoise ag teacht salach ar an Acht um Stádas Comhionann 2000. Ó thaobh éifeachta de, bhí an Scéim ag feidhmiú ó 2000 i leith ar bhonn neamhdhleachtachta. Chinn an tOmbudsman go ndearnadh dochar do Iníon Browne toisc gur theip ar an Roinn an Scéim a leasú le go mbeadh an Scéim ag cloí leis an Acht um Stádas Comhionann 2000.

---

[2] An tÚdarás Comhionannais, Gníomhaíocht Cás-oibre 2008, 2008

Agus an tOmbudsman ag beartú ar na cinntí seo, chuir sí a tuairim in iúl nár léirigh an Roinn aon dithneas ná práinn ag feidhmiú leis an Scéim a leasú le go mbeadh sí ag teacht leis an Acht um Stádas Comhionann, fiú aon bhliain déag tar éis thosach feidhme an Achta. Luaigh sí freisin, i gcás an Deontais bhainteach Mótariompair, nár chuir an Roinn deireadh leis an uasteorainn aoise ach amháin toisc dhiongbháilteacht Bhean McNabola, ag feidhmiú le cúnamh an Údaráis Comhionannais tar éis imeachtaí a thosú tríd an mBinse Comhionannais.

**Freagairt na Roinne**

Ní go dtí gur imigh an Dréacht-Tuarascáil Iniúchta chuig an Roinn gur ghlac an tArd-Rúnaí 'gur chóir go mbeadh an Roinn tar éis an scéim liúntais soghluaisteachta a athbhreithniú agus a leasú tar éis achtú an Achta um Stádas Comhionann (2000)' ("*should have reviewed and updated the mobility allowance scheme following the enactment of the Equal Status Act [2000].")*. Mhaígh sé tar éis athbhreithnithe le déanaí ar théarmaí na Scéime 'go háirithe an uasteorainn aoise agus an sainmhíniú ar mhíchumas' ("*particularly the upper age limit and the definition of disability*"), gur chinn an Roinn nach bhféadfadh sí leanúint ag feidhmiú ar an mbonn reatha. Cibé scéal é, dúirt sé go raibh cinnte gan amharc ar an uasteorainn aoise ar leithligh, ach ina ionad sin amharc ar an Scéim ina hiomláine. Dúirt sé leis an Ombudsman gur bhreithnigh an tAire agus an Rialtas roinnt roghanna faoi thodhchaí an Liúntais Soghluaisteachta ach nach raibh cinntí deiridh beartais glactha go fóill.

Thuairiscigh an tArd-Rúnaí, go háirithe i gcás Iníon Browne nach maireann, gur údaraigh an tAire íocaíocht shiarghabhálach an Liúntais Soghluaisteachta ar bhonn eisceachtúil, le héifeacht ó mhí an Mheithimh 2008. Ghabh an Roinn leithscéal, trí Oifig an Ombudsman, leis an ngearánaí agus lena dheirfiúr nach maireann.

**Ról FSS**

I dtéarmaí dlí amháin de níl FSS freagrach as an Scéim Liúntais Soghluaisteachta. É sin ráite, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh FSS tar éis uiríoll a dhéanamh leis an Roinn ag féachaint leis an scéim a dhéanamh géilliúil don Acht um Stádas Comhionann. Níl aon ní a thugann le fios don Ombudsman go ndearna FSS aon uiríoll dá leithéid.

**Moladh**

Ina tuarascáil mhol an tOmbudsman go gcuirfeadh an Roinn Sláinte i gcrích an t-athbhreithniú ar an Liúntas Soghluaisteachta agus, ag eascairt ón athbhreithniú sin, go ndéanfaí an Scéim a leasú ionas go mbeadh sí géilliúil don Acht um Stádas Comhionainn 2000. Mhol an tOmbudsman freisin go ndéanfaí an próiseas athbhreithnithe agus leasaithe seo a chur i gcrích laistigh de sé mhí ó dháta na tuarascála seo.[3] Ghlac an Roinn leis an moladh seo.

[3] Níl aon tuairim ag an Ombudsman faoi théarmaí aon leasaithe ar an Scéim Liúntais Soghluaisteachta ach amháin go leasófaí an scéim le go mbeadh sí géilliúil don Acht um Stádas Comhionann 2000.